# Portráid shóisialta de dhaoine faoi mhíchumas

Dorothy Watson agus Brian Nolan

**Mionteagasc Taighde, Meán Fómhair 2011**

Ceann amháin de na grúpaí saolré ar tugadh tús áite dóibh sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 ab ea daoine faoi mhíchumas. Grúpa lárnach iad is ábhar do na spriocanna ardleibhéal agus don sprioc náisiúnta bhochtaineachta atá leagtha amach sa phlean.

Tá dúshláin ar leith ag gabháil le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chur ar aghaidh. Chun bonn eolais a sholáthar don fhreagairt bheartais, soláthraíonn an 'portráid shóisialta' seo eolas mar gheall ar dhálaí sóisialta daoine faoi mhíchumas ar shlí a thuigfear gan dua. Tá sé bunaithe ar shamhail mhíchumais a chuireann san áireamh an idirghníomhaíocht idir an duine agus an timpeallacht fhisiceach agus shóisialta ina maireann sé nó sí.

Ba é an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta den Roinn Coimirce Sóisialta a choimisiúnaigh an taighde agus ba é an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a rinne é. Is é seo an cúigiú tuarascáil saolré, a chomhlánfaidh na portráidí roimhe seo de leanaí, de dhaoine in aois oibre, do dhaoine scothaosta agus de phobail.

Gheofar an tuarascáil iomlán agus leagan Gaeilge den mhionteagasc taighde ag http://www.socialinclusion.ie

## Na Príomhthorthaí

- Meastar go bhfuil 800,000 duine faoi chumas in Éirinn arb ionann sin agus duine amháin as gach cúigear den daonra. Thángthas ar an bhfigiúr sin tar éis foinsí éagsúla sonraí a cheadú. Tuairiscítear croíghrúpa de 325,000 duine (8 faoin gcéad) faoi mhíchumas bunaithe ar fhoinsí iolracha sonraí. Trí chineál míchumais, ar an meán, atá ag daoine faoi mhíchumas.
- Is trí chúrsa a saoil a fhaigheann formhór na ndaoine a míchumas seachas é a bheith ann ó bhreith nó ón óige, ach amháin míchumas foghlama a bhaineann go príomha leis na blianta scoile agus a chuireann dúshlán ar leith faoi fhoghlaimeoirí.
- Is iomaí éifeacht atá ag míchumas ar staid shóisialta an duine agus is minic gur éifeachtaí cómhalartacha iad. I gcomparáid leis an daonra trí chéile, tá sé a dhá oiread níos dóchúla i gcás daoine faoi mhíchumas nach mbeidh acu ach bunoideachas, nach mbeidh post acu agus go mbeidh siad ar ioncam íseal agus ar an ngannchuid maidir le bunriachtanais.
- Bíonn tionchar diúltach ag míchumas ar chaidreamh sóisialta agus ar rannpháirtíocht shóisialta an duine. Is mó an baol i gcás na ndaoine fásta is sine go mbeidh siad aonraithe go sóisialta, rud a d'fhéadfadh dul in olcas de réir mar a théann an duine in aois.
- Is sa bhaile a bhíonn an deacracht is mó ag daoine faoi mhíchumas. Lasmuigh den bhaile, is in áiteanna poiblí agus ó thaobh seirbhísí ginearálta a lorg agus bogadh timpeall an cheantair áitiúil is coitianta na deacrachtaí rochtana.
- An dúshlán beartais don tsochaí, do sholáthraithe seirbhíse agus d'fhostóirí ná iad féin a oiriúnú do riachtanais daoine faoi mhíchumas, chun iad a chumasú chun lántairbhe a bhaint as a gcumas agus rannchuidiú leis an saol poiblí.
- Teastaíonn tacaíochtaí inscoile, dearadh nuálach post, cúnamh leis an saol baile, agus feabhsuithe ar an teacht ar iompar agus ar sheirbhísí poiblí, chun feabhas a chur ar dhálaí sóisialta daoine faoi mhíchumas.

ESRI

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

## Tús eolais

Sonraítear sa tuarascáil taighde seo dálaí sóisialta agus maireachtála daoine faoi mhíchumas.
Is í an tsamhail mhíchumais a mholann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, is í sin an 'samhail bhithshíceashóisialta' is bonn leis an tuarascáil seo. Idirghníomhaíocht an duine faoi mhíchumas leis an timpeallacht fhisiceach agus shóisialta ina maireann siad is bunús leis an tsamhail sin de mhíchumas. Chun tuiscint a fháil ar an méid is féidir le daoine a dhéanamh, ní mór dúinn na hacmhainní atá ar fáil dóibh agus na bacainní atá rompu sa timpeallacht, mar aon lena n-acmhainní fisiceacha, meabhracha agus mothúchánacha féin, a chur san áireamh.

Gheofar sa tuarascáil eolas ar an líon daoine atá faoi mhíchumas agus ar an tionchar atá ag an míchumas sin orthu. Sonraítear inti chomh maith taithí daoine faoi mhíchumas ar an gcóras oideachais agus ar an margadh saothair, ar a bheith rannpháirteach sa tsochaí, ar thacaíochtaí sóisialta a fháil, ar an timpeallacht fhisiceach agus ar an gcóras iompair.


Tarraingíonn an tuarascáil ar fhoinsí éagsúla, go príomha an *Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas* (NDS) a rinneadh sa bhliain 2006, *Daonáireamh* na bliana 2006, *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* (SILC) na bliana 2009 agus modúil éagsúla den *tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh* (QNHS). Ba é an Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas an chéad mhórshuirbhé a rinneadh ar dhaoine faoi mhíchumas. Chuir sé agallamh ar 14,500 a aicmíodh sa Daonáireamh mar dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh agallamh, leis, ar 1,500 duine eile nár thaifead míchumas sa Daonáireamh, féachaint ar fágadh aon mhíchumas ar lár ón Daonáireamh. I dteannta a chéile, tugann an NDS agus an Daonáireamh foramharc cuimsitheach ar mhíchumas. Gheofar eolas breise ar bhochtaineacht agus ar fhostaíocht sa SILC agus sa QNHS.

### Minicíocht agus cineálacha míchumais

Léiríonn an meastachán is fearr ar an líon daoine atá faoi mhíchumas, trí eolas ón Daonáireamh a chur in éineacht le heolas ón NDS, go bhfuil duine amháin as gach cúigear nó gach seisear den daonra faoi mhíchumas fadtéarmach. Soláthraíonn an NDS eolas mionsonraithe agus iontaofa ar fhothacar den ghrúpa sin (timpeall 8.1 faoin gcéad den daonra) a thuairiscigh míchumas sa Daonáireamh agus san NDS *araon* agus orthu sin tá formhór na ndaoine faoi mhíchumas trom.

I gcúrsa a saoil a fhaigheann formhór na ndaoine a míchumas, seachas é a bheith ann ó bhreith nó ó óige an duine. (FÍOR 1)

***Fíor 1: Minicíocht an mhíchumais de réir inscne agus aoise (céatadáin)***



Eisceacht is ea míchumas intleachtúil nó foghlama a bhíonn le sonrú sna déaga luatha thar aon uair eile. Is dóichí ná a mhalairt go dtabharfar an fhoirm mhíchumais sin faoi deara sna blianta scoile agus is minice anois a fháthmheastar é ná mar a rinneadh san am atá caite.

Idirdhealaíonn an NDS idir naoi gcineál míchumais. Tá 2.6 de na cineálacha difriúla sin ag formhór na ndaoine faoi mhíchumas. An cineál míchumais is coitianta ná míchumas soghluaisteachta agus deaslámhachta ó thaobh siúil, rudaí a ardú agus a iompar agus rudaí beaga a phiocadh suas (tuairim is 184,000 duine). An dara cineál míchumais is coitianta ná pian (tuairim is 153,00 duine).

Cineálacha míchumais eile is ea míchumas maidir le cuimhneamh ar rudaí agus díriú ar rudaí (113,000 duine), míchumais mhothúchánacha, shíceolaíocha agus mheabhairshláinte (111,000 duine), míchumas intleachtúil agus foghlama (72,000 duine), míchumas anála (71,000 duine), lagú céadfach éisteachta (58,000 duine) agus radhairc (51,000 duine) agus míchumais urlabhra (35,000 duine).

Is ísle an mhinicíocht míchumais i measc leanaí ná i measc daoine fásta. Léiríonn an NDS go bhfuil 3.5 faoin gcéad de leanaí faoi mhíchumas agus go bhfuil míchumas níos coitianta i measc buachaillí (4.4 faoin gcéad) ná i measc cailíní (2.6 faoin gcéad). An dá chineál míchumais is coitianta i measc leanaí ná míchumas intleachtúil agus foghlama agus míchumas maidir le cuimhneamh ar rudaí agus díriú ar rudaí. Is dóichí ná a mhalairt go dtabharfar na cineálacha míchumais sin faoi deara le linn na mblianta scoile toisc go gcuireann siad dúshlán ar leith faoin bhfoghlaimeoir.

## Éifeacht an mhíchumais

I gcás dhá thrian díobh siúd atá faoi mhíchumas is deacair dóibh gnáthrudaí laethúla a dhéanamh nó níl ar a gcumas iad a dhéanamh ar chor ar bith. Is dóichí ná a mhalairt go mbeidh sé fíordheacair ar dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta agus deaslámhachta gnáthrudaí laethúla a dhéanamh.

Is beag duine faoi mhíchumas a bhfuil sé deacair orthu gníomhaíochtaí bunúsacha féinchúraim a chur i gcrích, rudaí ar nós bia a ithe nó iad féin a ghléasadh, cithfholcadh nó folcadán a bheith acu, fanacht ina n-aonar agus dul isteach agus amach as an leaba gan chabhair. Is iad na gníomhaíochtaí féinchúraim a d'fhéadfadh a bheith deacair ar dhaoine faoi mhíchumas ná fanacht ina n-aonar (33 faoin gcéad) nó folcadán nó cithfholcadh a bheith acu (36 faoin gcéad).

Tá tionchar mór ag stádas sláinte agus teacht aniar daoine faoi mhíchumas ar an gcaighdeán saoil atá acu agus ar a gcumas bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oibre agus sóisialta, go háirithe i gcás an 40 faoin gcéad sin atá faoi mhíchumas a bhaineann le sláinte. Ní mheasann ach leath de na daoine faoi mhíchumas go bhfuil an tsláinte go maith acu, i gcomparáid le naonúr as gach deichniúr, beagnach, sa daonra trí chéile. Ní mheasann ach 43 faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas go bhfuil teacht aniar maith nó an-mhaith acu.

## Caighdeáin Oideachais, Oibre agus Mhaireachtála


Tá gaol cómhalartach ann idir míbhuntáiste oideachais agus míchumas. Maidir leis an ngaol idir míchumas agus oideachas i measc na ndaoine fásta is óige, is dóichí ná a mhalairt gurb iad na bacainní a bhíonn le sárú ag daoine faoi mhíchumas ar mian leo a gcuid oideachais a thabhairt chun críche is ábhar don ghaol sin. I measc na ndaoine sine is fásta, is dóichí ná a mhalairt go bhfeictear toradh diúltach an tsaoil ar shláinte an duine, toradh a eascraíonn as míbhuntáiste oideachais.

Tá gaol láidir idir míchumas agus gnóthachtáil oideachais i measc daoine fásta óga. I measc na ndaoine faoi mhíchumas atá idir 18 agus 34 bliain d'aois, bhuail míchumas iad sular tháinig siad chun deireadh a laethanta scoile nó a laethanta coláiste. D'fhág breis is trian de dhaoine fásta óga faoi mhíchumas (idir 25 agus 29 bliain d'aois) an scoil sular chríochnaigh siad an dara leibhéal i gcomparáid le duine amháin as gach seisear i measc daoine fásta gan mhíchumas. I measc

na ndaoine fásta is sine faoi mhíchumas ba lú an dóchúlacht go raibh tionchar ag an míchumas orthu le linn a mblianta scoile. Bíodh sin mar atá, bunoideachas ar a mhéad atá ag leath de na daoine fásta faoi mhíchumas idir 60 agus 64 bliain d'aois i gcomparáid le 38 faoin gcéad den aoisghrúpa sin nach bhfuil faoi mhíchumas.

Léiríonn na figiúirí daonáirimh nach bhfuil sé ach leath chomh dóchúil go mbeidh post ag daoine faoi mhíchumas idir 25 agus 64 bliain d'aois, i gcomparáid leis an daonra trí chéile. I measc daoine faoi mhíchumas, is dóichí gur daoine faoi mhíchumais intleachtúla agus foghlama a bheidh ag obair, agus gur daoine faoi mhíchumas péine nach mbeidh ag obair. (FÍOR 2)

***Fíor 2: An príomhstádas eacnamaíoch i gcás daoine fásta trí chéile agus daoine fásta faoi mhíchumas de réir cineál cumais (daoine fásta idir 25 agus 64, céatadáin)***




Ba spéis le breis is trian de na daoine faoi mhíchumas nach bhfuil ag obair bheith fostaithe dá n-oirfeadh an post dóibh. Is amhlaidh i gcás dhá thrian de dhaoine fásta óga faoi mhíchumas. Ba mhinic a thuairiscigh daoine fostaithe agus daoine ar mian leo bheith fostaithe gnéithe d'eagar na hoibre, ar nós socruithe solúbtha oibre (45 faoin gcéad) nó tascanna oibre mionathraithe (29 faoin gcéad), mar ghnéithe a chuireann nó a chuirfeadh ar gcumas an obair a dhéanamh.

Taispeánann sonraí ón SILC gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh daoine ar teoranta a ngníomhaíochtaí laethúla agus iad siúd a bhfuil fadhbanna ainsealacha sláinte acu ar ioncam íseal agus nach mbeidh ar a gcumas íoc as earraí agus seirbhísí bunúsacha. (T Á B 1)

***Tábla 1: An ráta 'i mbaol bochtaineachta' agus an ráta dearbh-bhochtaineachta i gcás daoine fásta ag aois 16 agus os a chionn sa bhliain 2009 de réir stádas míchumais (céatadáin)***

| | Breoiteacht ainsealach nó fadhb shláinte | | Gníomhaíocht theoranta sna sé mhí dheiridh | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Níl | Tá | Gan a bheith teoranta | Teoranta | An-teoranta ar fad |
| Ráta i mbaol bochtaineachta | 12.5 | 15.2 | 12.5 | 15.2 | 17.8 |
| Ráta dearbh-bhochtaineachta | 4.4 | 5.5 | 4.3 | 5.5 | 7.8 |

Amach ó na deiseanna laghdaithe chun ioncam a thuilleamh, bíonn tionchar ar chaighdeáin mhaireachtála daoine faoi mhíchumas ag costais a bhaineann leis an míchumas féin, costais as cúram sláinte, cúnamh, áiseanna agus gléasanna. Cuireadh i bhfios i staidéar a rinneadh le gairid go bhféadfadh costas fadtéarmach an mhíchumais a bheith ionann agus aon trian den ghnáthioncam seachtainiúil.[1]

### Caidreamh agus dearcthaí sóisialta

Is lú duine faoi mhíchumas a phósann. De réir Dhaonáireamh 2006 daoine pósta is ea a leath, nach mór, den daonra i gcoitinne idir 25 agus 44 bliain d'aois, i gcomparáid le díreach os cionn trian de dhaoine faoi mhíchumas. Is leithne an bhearna i gcás daoine idir 45 agus 64 bliain d'aois (72 faoin gcéad den daonra i gcoitinne agus 57 faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas atá pósta).

Is faide a mhaireann mná faoi mhíchumas ná fir faoi mhíchumas, ar an meán, agus is dóichí ná a mhalairt go mbeidh seanóirí ina gcónaí ina n-aonar nó i bhforais phobail. Ina n-aonair atá cónaí ar dhuine amháin as gach cúigear ban faoi mhíchumas agus ar dhuine amháin as gach seisear fear faoi mhíchumas. Is dóichí ná a mhalairt, leis, gur i bhforais phobail a bheidh cónaí ar mhná seachas fir faoi mhíchumas (12 faoin gcéad i gcomparáid le 9 faoin gcéad).

Is airde de bheagán an líon ban fásta faoi mhíchumas a fhaigheann cúnamh le gníomhaíochtaí laethúla, i gcomparáid le fir. Gheofar ardú réidh de réir aoise ar an gcéatadán a fhaigheann cúnamh le gníomhaíochtaí laethúla, go dtí trí cheathrú de mhná agus dhá thrian d'fhir ag aois 75 agus os a chionn.

Scrúdaíonn an staidéar an úsáid a bhaineann daoine faoi mhíchumas as seirbhísí faoi leith: cúram lae, seirbhísí faoisimh, seirbhísí béile nó buail isteach, tithíocht faoi thacaíocht agus cúram cónaithe fadtéarmach. Bhí ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí sin in úsáid ag 13 faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas, ar an iomlán. Ba iad na seirbhísí cúraim ba mhó úsáid ná cúram lae ar níos lú ná cúig lá na seachtaine (5 faoin gcéad); seirbhísí faoisimh (4 faoin gcéad); nó cúram lae ar chúig lá na seachtaine nó os a chionn sin (4 faoin gcéad). Bhí cuid de na seirbhísí cúraim sin de dhíth ar ocht faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas i dteaghlaigh phríobháideacha, ach ní raibh úsáid á baint acu astu. Ba é cúram faoisimh an tseirbhís ba choitianta a raibh gá léi (3.7 faoin gcéad).

San iomlán, ní hiad dearcthaí daoine eile is cúis leis más amhlaidh go bhfuil daoine faoi mhíchumas ann nach ndéanann an rud is mian leo. Dúirt duine amháin as gach seachtar nach ndéanann siad an rud is mian leo 'go minic' nó 'riamh' toisc dearcthaí daoine eile. Ach is lú an céatadán i measc daoine óga. I measc daoine fásta óga is mó a fhaightear an dearcadh sin, go háirithe i measc na bhfear faoi mhíchumas san aoisghrúpa idir 35 agus 44 bliain d'aois.

Is mó duine faoi mhíchumas a thuairiscíonn idirdhealú, i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Fuarthas in anailís ar shonraí na bliana 2004 gur thuairisc duine amháin as gach cúigear faoi mhíchumas idirdhealú, i gcomparáid le duine amháin as gach ochtar den daonra i gcoitinne. [2] Ba mhó fós an líon daoine faoi mhíchumas a thuairiscigh idirdhealú ó thaobh teacht ar sheirbhísí sláinte nó ar sheirbhísí iompair.

Bíonn formhór na ndaoine faoi mhíchumas i ngach aoisghrúpa rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta. Is airde an rannpháirteachas i measc na mban (96 faoin gcéad) ná na bhfear (95 faoin gcéad) agus is airde é de bheagán i gcás na ndaoine fásta is óige. I measc na ndaoine fásta is óige, is mó fear ná bean *nach* bhfuil rannpháirteach in aon ghníomhaíochtaí sóisialta, go háirithe san aoisghrúpa 35 go 54 bliain (idir 5 agus 6 faoin gcéad).

Is lú an dóchúlacht i gcás daoine faoi mhíchumas ná sa daonra i gcoitinne go bhfuil siad rannpháirteach i spórt nó i gcleachtadh fisiceach (38 faoin gcéad i gcomparáid le 67 faoin gcéad de dhaoine gan mhíchumas). Taispeánann an NDS, leis, gur mó an dóchúlacht i measc daoine faoi mhíchumas gurb iad na fir agus na daoine fásta is óige a bheidh rannpháirteach i spórt, seachas mná agus na daoine fásta is sine.

## An timpeallacht fhisiceach agus an córas iompair

Is mó bean ná fear a thuairiscíonn deacracht le gnáthobair tí. Téann na céatadáin sin i méid de réir aoise, i gcás na mban agus na bhfear araon. Tuairiscíonn 39 faoin gcéad de mhná san aoisghrúpa 18 go 34 deacracht éigin. I gcomparáid leis sin, tuairiscíonn 70 faoin gcéad de mhná atá 75 nó níos sine deacracht éigin. Is iad 27 agus 59 faoin gcéad faoi seach, na figiúirí comparáideacha d'fhir.


Baineann tuairim is aon cheathrú de dhaoine faoi mhíchumas úsáid as gnéithe speisialaithe tí atá riachtanach dóibh. Is iad mionathruithe sa seomra folctha is mó a theastaíonn (duine amháin as gach cúigear). Ach tá mionathruithe sa teach de dhíth ar bhreis is duine amháin as gach cúigear faoi mhíchumas, mionathruithe nach ndearnadh fós. An chúis is coitianta nár dearnadh iad ná ceal airgid nó a bheith neamhcháilithe do dheontas. Is lú ná 10 faoin gcéad an líon daoine faoi mhíchumas a fuair deontas riamh le haghaidh oiriúnú tí.

I dtrí réimse ar leith a gheofar formhór na bhfadhbanna maidir le rochtain lasmuigh den teach: nuair a bhíonn daoine i mbun caidrimh in áiteanna poiblí, ag baint úsáide as seirbhísí ginearálta, nó ag bogadh timpeall ina gceantar áitiúil (idir 36 agus 37 faoin gcéad). Is mó bean ná fear a thuairiscíonn deacracht rochtana agus is leithne an bhearna sin i measc na ndaoine is sine.

Ó thaobh iompair, an rud is suaithinsí ná an líon mór daoine faoi mhíchumas nach n-úsáideann cóir iompair ar bith, seachas an líon a úsáideann córacha éagsúla ach a mbíonn deacrachtaí acu leo. (Fíor 3)

An cóir iompair is coitianta i measc daoine faoi

***Fíor 3: An úsáid a bhaineann daoine faoi mhíchumas ag aois 5 agus os a chionn as córacha éagsúla iompair agus na deacrachtaí atá acu leis na córacha sin (céatadáin)***



mhíchumas ná an carr, agus paisinéirí is ea iad de ghnáth. Sin é an gnáthchóir iompair atá ag ochtar as gach deichniúr de dhaoine faoi mhíchumas.
Tuairiscíonn seisear as gach deichniúr nach bhfuil aon deacracht acu mar phaisinéir cairr. I measc na ndaoine fásta faoi mhíchumas, is lú ná leath an líon a thiomáineann carr go rialta, is féidir le trian díobh carr a thiomáint gan dua agus tá deacracht éigin ag 8 faoin gcéad leis an tiomáint.  Is deacair ar dhuine amháin as gach ceathrar faoi mhíchumas iompar phoiblí a úsáid ar chúiseanna rochtana, sin nó ní úsáideann siad é ar chor ar bith.  I measc na bhfadhbanna a tuairiscíodh bhí deacrachtaí maidir le dul isteach agus tuirlingt, dul fad leis an stad nó an stáisiún, agus a infhaighte a bhí iompar poiblí sa cheantar.

Tuairiscíonn céatadán comhchosúil deacrachtaí ar chúiseanna a bhaineann leis an tseirbhís. Ina measc siúd bhí an gá le duine a bheith i gcuideachta an duine faoi mhíchumas, plódú agus costas.  Níor thuairiscigh ach duine amháin as gach deichniúr faoi mhíchumas gur deacair iompar poiblí a úsáid ar chúiseanna a bhaineann le heolas.   I measc na ndeacrachtaí sin bhí deacrachtaí le fógraí a chloisteáil nó comharthaí a fheiceáil.

### Impleachtaí beartais

De réir mar a théann an daonra in aois, is dóichí ná a mhalairt go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht an mhíchumais.  Cuirfidh sé sin leis an dúshlán atá fúinn daoine faoi mhíchumas a éascú chun bheith lánpháirteach sa saol sóisialta.

An dúshlán atá faoin tsochaí agus faoin gcóras oideachais ná oiriúnú i leith riachtanais leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas agus glacadh lena bhfuil éagsúil mar gheall orthu, agus iad a chumasú chun gach is féidir leo a bhaint amach.

Is den riachtanas poist a dhearadh chun go mbeidís oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Ar áireamh ansin bheadh uaireanta solúbtha agus tascanna a d’fhéadfaí a chur in oiriúint.

Is dóichí ná a mhalairt gur mó an gá a bheidh ag daoine faoi mhíchumas le bainteacht shóisialta, go háirithe toisc gur mó díobh nach bpósann nó a bhíonn ina gcéilí marthanacha. Bíonn cabhair le gníomhaíochtaí laethúla de dhíth ar dhaoine faoi mhíchumas ach ní leor sin chun freastal dá riachtanais.  Tá gá acu le comhluadar agus le cairdeas, leis.

Ó thaobh na timpeallachta fisicí, d’fhéadfaí cúnamh breise a chur ar fáil nó tithe a chur in oiriúint chun an saol baile a dhéanamh níos áisiúla.   Lasmuigh den bhaile, d’fhéadfaí rudaí a chur i gcrích le go mbeadh sé níos indéanta do dhaoine faoi mhíchumas dul chuig ionaid phoiblí, seirbhísí ginearálta a úsáid agus bogadh timpeall a gceantair áitiúil. D’fhéadfaí teacht níos fearr a thabhairt ar sheirbhísí sláinte, leis.

Thairbheodh suas le duine amháin as gach ceathrar faoi mhíchumas d’fheabhsuithe a thabharfadh teacht níos fearr ar chóracha iompair phoiblí agus ar sheirbhísí eile.  I measc na bhfadhbanna a tuairiscíodh bhí deacrachtaí maidir le dul isteach agus tuirlingt, dul fad leis an stad nó an stáisiún, agus a infhaighte a bhí iompar poiblí sa cheantar.  Rachadh na feabhsuithe sin chun tairbhe úsáideoirí ginearálta na seirbhísí sin, chomh maith.

D’fhéadfaí taighde eile a dhéanamh bunaithe ar an NDS i réimsí eile, lena n-áirítear an gaol cómhalartach idir míbhuntáiste (sa chóras oideachais agus sa mhargadh saothair) agus míchumas agus an nasc idir socruithe cónaí agus cúram nó cúnamh.

Fonótaí

[1] Cullinan, J., Gannon, B. and Lyons, S
2010), 'Estimating the extra cost of living for people with disabilities', Health Economics, arna fhoilsiú ar líne Meitheamh 2010;
doi: 10.1002/hec.1619

[1] Russell, H., Quinn, E.,
King O'Riain, R and McGinnity, F. (2008),
The Experience of Discrimination in Ireland: Analysis of the QNHS Equality Module, Dublin: ESRI and Equality Authority

[1] Ciallaíonn 'I mbaol bochtaineachta' go bhfuil teacht isteach an teaghlaigh, ar a n-áirítear gach aistriú óisialach, faoi bhun 60 faoin gcéad den teacht isteach teaghlaigh meánach coibhéiseach. Ciallaíonn 'Bochtaineacht sheasta' go bhfuil teacht isteach an teaghlaigh faoi bhun 60 faoin gcéad den teacht isteach teaghlaigh meánach coibhéiseach agus go bhfuiltear ar an ngannchuid maidir le dhá bhunmhír díothachta nó níos mó.

**Ba í mo Roinn féin a choimisiúnaigh an tuarascáil taighde seo ón Institúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an Institiúid), chun tacú le cur i ngníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016. Portráid is ea an tuarascáil seo den chúigiú ghrúpa saolré a aithníodh sa phlean. Is iad na grúpaí eile leanaí, daoine in aois oibre, seanóirí agus pobail.**

**Is iad an Roinn agus an Institiúid a d'fhoilsigh an tuarascáil seo in éineacht, mar chuid de shraithTuarascálacha Taighde um Chuimsiú Sóisialta. Tuairimí na n-údar amháin atá nochta inti agus is iad na húdair atá freagrach as cruinneas an taighde. Ní hiad tuairimí na hInstitiúide ná na Roinne atá anseo. Ní ghlacann an Institiúid seasamh maidir le beartas institiúide. Gabhtar buíochas le geallsealbhóirí éagsúla a rannchuidigh le dréachtaí luatha den tuarascáil. institiúide.**

An Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Institiúid um Thaighde